

Gníomhaíocht Chéadfach

Seo an chéad seachtain againn ag dul do Spraio sa Bhaile leis na Food Dudes. Beimid ag blaiseadh torthaí agus glasraí agus ag déanamh cur síos orthu de réir na gcéadfach. Tá sé tábhachtach torthaí agus glasraí nár ith tú riamh a bhlaiseadh suas le 10 n-uaire chun dul i dtaithe ar an mblas. Chomh maith leis an ngníomhaíocht chéadfach, tá cluiche Food Dudes anseo thíos don teaghlach go léir.

Treoracha

Cuid 1: Cluiche teaghlaigh

1. Cuir bosca mistéirí, a bhfuil poll ann atá mór go leor chun gur féidir le duine a lámh a chur isteach ann, ag barr an tseomra. Bí cinnte nach féidir le haon duine a fheiceáil céard atá istigh ann.
2. Cuir toradh nó glasra iomlán, nó leath de thoradh nó de ghlásra, isteach sa bhosca.
3. Iarr ar dhuine amháin ag an am theacht anuas agus a lámh a chur sa bhosca agus cur síos a dhéanamh ar an rud a airíonn sé nó sí istigh ann.
4. Tig le gach duine eile ceisteanna a chur chun a fháil amach céard atá sa bhosca.
5. Cinntigh go bhfuil réimse torthaí agus glasraí éagsúla sa bhosca.

An t-ábhar atá de dhíth: bosca cairtchlár a bhfuil poll ann, rogha torthaí agus glasraí.

Samplaí de thorthaí agus de ghlásraí is féidir a úsáid: cíobhaí, banana, sméar dubh, péitseog, brocaílí, soilire, mangetout, pónairí (bheadh aon chineál toraidh nó glasra fóirsteanach don chluiche seo).

Ceisteanna samplacha:

- ✓ An toradh nó glasra é seo?
- ✓ Conas a airíonn sé?
- ✓ An bhfuil sé cruu / bog?
- ✓ An bhfuil sé mín nó cnapánach?
- ✓ An bhfuil sé garbh ar an taobh amuigh?
- ✓ An bhfuil sé fliuch nó tirim?

Nuair a bheidh sé oibrithe amach ag na himreoirí cén toradh nó glasra atá ann, is féidir leo tuilleadh ceisteanna a chur bunaithe ar na cúig chéadfaí. Seo roinnt samplaí:

- ✓ Cén dath atá air?
- ✓ An bhfuil sé cruinn/ fada/ mór/ beag?
- ✓ Cén boladh atá air?
- ✓ An bhfuil boladh milis/ géar/ searbh/ úr/ air? An bhfuil boladh na créafóige air?

Intreoir: Spraoi sa Bhaile leis na Food Dudes

Cuid 2: Torthaí agus glasraí a bhlaiseadh agus na cúig céadfaí in úsáid agat

1. Roghnaigh toradh amháin agus glasra amháin agus déan réidh iad chun gur féidir leis na páistí iad a ithe. Samplaí:
 - ✓ Piobar dearg agus mealbhacán
 - ✓ Cúcumar agus oráiste
 - ✓ Meacain dhearga agus sútha talún
2. Spreag na páistí lena gcéadfaí uile a úsáid agus na torthaí agus glasraí á mblaiseadh acu.
3. arr ar na páistí pictiúr den toradh nó den ghlasra a roghnaigh siad in uimhir 1 a tharraingt ar an mbileog thíos. Ansin, tig leo cur síos a dhéanamh ar thréithe an toraidh nó an ghlasra de réir na gcéadfaí, agus na thréithe sin a scríobh ar an mbileog.

Roghnaigh toradh amháin agus glasra amháin don ghníomhaíocht seo agus déan pictiúir díobh sa dhá bhosca ag barr an leathanaigh.





Cuimhnigh:

- ✓ Mura bhfuil printéir agat, is féidir leat an ghníomhaíocht seo a dhéanamh i gcóipleabhar.
- ✓ Mura bhfuil torthaí nó glasraí úra sa bhaile agat, is féidir leat torthaí nó glasraí reoite nó cinn atá i gcanna a úsáid, nó is féidir tarraingt ar do chuimhne chun an ghníomhaíocht a dhéanamh. Déan cur síos ar na torthaí agus ar na glasraí deireanacha a d'ith tú!



Abair linn faoi do chuid eachtraí céadfacha. Bain úsáid as an haischlib **#FoodDudesFun**

Na cúig céadfaí a úsáid agus torthaí agus glasraí á mblaiseadh agat

	Toradh	Glasra
Cuimhnigh: Tá sé tábhachtach éisteacht agus tú ag ithe!		
Feicim 		
Bolaím 		
Airim 		
Blaisim 		
Cloisim 